Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá: **Ar nAthair atá ar neamh......**

Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna.
Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn,
ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire,
saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt
agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus
le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.

**Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol.**

A Thiarna Íosa Críost, a dúirt le d'Aspail: Fágaim síocháin agaibh, tugaim daoibh mo shíocháin: ná féach ar ár bpeacaíne ach ar chreideamh d'Eaglaise; deonaigh síocháin a thabhairt di agus í a aontú, faoi mar is toil leat féin, tusa a mhaireann agus a rialaíonn tri shaol na saol. **Amen.**

Síocháin an Tiarna libh i gcónaí.
**Agus le do spiorad féin.**

**A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.**
**A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.**
**A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin.**

Seo é Uan Dé, seo é an té a thógann peacaí an domhain. Is méanar dóibh siúd a fuair cuireadh chun séire an Uain.
**A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon, ach abairse an focal agus leigheasfar m'anam.**

**Iarchomaoineach**

A Thiarna, go seoltar ar aghaidh go glóir na bhflaitheas, trí impí na Maighdine ar neamh, sinne a ghlac sacraimint seo ár slánaithe. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

## Iomann Lourdes

Tá cloga na dteampall le binn-ghuth ag glaoch.
Ag fógairt don domhan mór sar-bhrí an Ave.

*Ave, Ave, Ave Maria! Ave, Ave, Ave Maria!*

A Mhuire, a Mhaighdean, a gineadh gan smál,
Féach orainn 'tá ag iarraidh do choimirce 'fháil.
*Ave….*

A Mhuire chaoin chneasta, a Mháthair Mhic Dé. Tabhair suaimhneas 'nár gcroí dúinn go deireadh ár ré.
*Ave….*

## A Mhuire na nGrás

A Mhuire na ngrásta, a mháthair Mhic Dé,
Go dtreoraí tú mise go deireadh mó ré.
Tabhair cuidiú is cabhair dom 'n aghaidh cathú an tsaoil,
Agus tabhair mé i gcónaí leat saor as gach baol.

# Paróiste An Spidéil

## Deastógáil na Maighdine Muire
## 15 Lúnasa 2026


An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 ***Ríomhphost:*** cilleinde@outlook.ie
Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 - 2.00




Is é mar gheall ar Deastógáil na Maighdine Beannaithe nuair a bhí a saol anseo ar talamh thart go dtuigeann muid céard atá i ndán dúinn nuair a thoicfaidh lá an Aiséirí dúinn. Níor lig Dia do Mhuire bás a fháil ná an uaigh a fhulaingt nuair a bhí a saol anseo ar talamh thart. D'ardaigh Dia í idir anam agus corp go glóir na bhFlaitheas. Thuill sí an onóir sin mar mháthair Íosa Críost. Mar gheall ar seo do Mhuire, tuigeann muid cén duais atá romhainn, céard atá i ndán dúinn nuair a thiocfaidh Íosa arís faoi ghlóir "le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh" *(An Chré)* ar an lá deireannach, Lá an Aiséirí Ghinearalta. Spreagann an t-eolas seo muid chun coinnéail leis an saol seo a leanann muid mar creideann muid go dtiocfaidh ár lá chomh maith!

**Loinneog don Iontróid** – Apac 12:1

Thaibhsigh an comhartha mór sa spéir, bean a raibh an ghrian mar bhrat uirthi, agus an ghealach faoina cosa, agus coróin de dhá réalta déag ar a ceann.

**Iomann Lourdes**

Tá cloga na dteampall le bin-ghuth ag gloach.
Ag fógairt don domhan mhór sár-bhrí an Ave.
**Ave, Ave, Ave Maria, Ave, Ave, Ave Maria.**

Faoi threoir aingil naofa gluais Bernadette chaoin
Go bruach sruthán sléibhe faoi dhéin Mhuire dhil.
**Avé….**

A Mhuire, a Mhaighdean, a gineadh gan smál,
Féach orainn 'tá ag iarraidh do choimirce d'fháil.
**Ave….**

A Mhuire chaoin chneasta, a Mháthair Mhic Dé.
Tabhair suaimhneas 'nár gcroí dúinn go deireadh ár ré. **Ave....**

Céad moladh le Muire 'sna Flaithis go h-ard.
Bí linne i gcónaí 's ar ócáid ár mbáis. **Ave…..**

**Na DeasghnáthaTosaigh**

In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. **Amen.**

Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé
agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir.
**Agus le do spiorad féin.**

**Gníomh Aithrí**

A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.
**Admhaím do Dhia uilechumhachtach,**
**agus daoibhse a bhráithre,**
**gur pheacaigh mé go trom,**
**le smaoineamh agus le briathar,**
**le gníomh agus le faillí,**
**trí mo choir féin, trí mo choir féin,**
**trí mo mhórchoir féin.**
**Ar an ábhar sin,**
**impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,**
**ar na hAingil agus ar na Naoimh,**
**agus oraibhse, a bhráithre,**
**guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.**

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacai dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

***An Ghlóir***

Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú;**
**tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**

A Dhia shíoraí uilechumhachtaigh, thóg tú suas chun glóir na bhflaitheas, idir chorp agus anam, an Mhaighdean gan smál, Muire Máthair Dé.
Go ndéanaimidne ár n-aird iomlán a dhíriú ar do ríocht agus teacht chun glóire na bhflaitheas. Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna. **Amen.**

## *Liotúirge an Bhriathair*

**An Chéad Léacht**

*Sliocht as leabhar an Apacailipsis – 11:19; 12:1-6, 10*

Osclaíodh teampall Dé ar neamh, agus bhí radharc ar áirc a chonartha ina theampall agus tharla tintreacha, agus glórtha agus toirneacha, agus crith talún agus a lán clocha sneachta.

Ansin thaibhsigh an comhartha mór sa spéir, bean a raibh an ghrian mar bhrat uimpi agus an ghealach faoina cosa agus coróin de dhá réalta déag ar a ceann. Bhí gin aici ina broinn, agus d'éigh sí ina híona agus ina pianta linbh. Ansin thaibhsigh an dara comhartha sa spéir, féach, dragún mór dearg le seacht gceanna agus deich n-adharca agus seacht gcoróin ar na ceanna. Scuab a eireaball trian de réaltaí na spéire chun siúil agus theilg iad chun talún. Sheas an dragún os comhair na mná a bhí ar tí a lámhnaithe d'fhonn an leanbh a shlogadh nuair a bhéarfadh sí é. Agus rug sí gin mic atá chun na ciníocha go léir a rialú le slat iarainn; agus sciobadh a mac suas chun Dé agus chun a ríchathaoireach. Ach theith an bhean léi chun an fhásaigh mar a raibh ansiúd aici áit ullamh ag Dia. Agus chuala mé guth tréan sna flaithis, á rá: 'Anois tá slánú agus neart agus tiarnas ár nDé agus údarás a Ungtha tagtha.'

*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Sm 44

*Freagra: Tá an bhanríon ar do dheis faoi ór as Ofir.*

1. Tá iníonacha ríthe i measc do bhan coimhdeachta, agus an bhanríon ar do dheis faoi ór as Ofir.
   Crom chugam do chluas, a iníon, agus éist liom: cuir cuimhne do mhuintir féin uait agus teaghlach d'athar. *(Fr)*

2. Óir tabharfaidh an Rí grá is taitneamh do d'áilleacht.
   Is é sin do Thiarna, agus umhlaigh thú féin dó.
   Déantar a dtionlacan le lúcháir agus gairdeas,
   nuair a ghabhann siad isteach in áras an Rí. *(Fr)*

**An Dara Léacht** *Coirintigh 15:20-26*

*Sliocht as céadlitir N. Pól chuig na Coirintigh*

A bhráithre, tá Críost aiséirithe ó mhairbh, ina cheannródaí orthu sin atá ar shlí na fírinne. Faoi mar a tháinig an bás ann trí bhíthin duine, tháinig an t-aiséirí ann trí bhíthin duine mar an gcéanna. Faigheann an uile dhuine bás i gcomhar le hÁdhamh; ar an dála céanna athbheofar an uile dhuine i gcomhar le Críost. Beidh gach aoinneach ina sheal féin áfach; Críost i dtosach; ansin, ar theacht do Chríost, an mhuintir a bheidh i bpáirt leis; agus ar ball tiocfaidh an chríoch nuair a bheidh gach tiarnas agus údarás agus cumhacht curtha ar neamhní aige agus an ríocht tugtha suas aige do Dhia an tAthair. Mar ní foláir do Chríost a bheith ina rí nó go mbeidh na naimhde uile curtha faoi chois.

*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia..**

**Alleluia, alleluia!**
Tá Muire tógtha suas ar neamh.
Déanann slua na n-aingeal lúcháir.
**Alleluia!**

**Soiscéal**

*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Lúcás 1:39-56*

Chuir Muire chun bóthair sna laethe sin agus d'imigh go deifreach faoi dhéin na gcnoc go dtí cathair i Iúda, agus chuaigh isteach i dteach Zachárias agus bheannaigh d'Eiliosaibeit. Agus tharla, nuair a chuala Eiliosaibeit beannachadh Mhuire, gur bhíog an naíonán ina broinn, agus líonadh Eiliosaibeit den Spiorad Naomh, agus d'éigh sí de ghlór ard agus dúirt: 'Is beannaithe thú idir mná, agus is beannaithe toradh do bhroinne. Agus conas a tharla seo domsa, máthair mo Thiarna a theacht chugam? Óir féach, nuair a chuaigh glór do bheannachadh i mo chluasa, bhíog an naíonán i mo bhroinn le háthas. Agus is méanar di seo a chreid go gcomhlíonfaí na nithe a dúradh léi ón Tiarna.'

Agus dúirt Muire:
'Mórann m'anam an Tiarna,
agus rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir.
Óir dhearc sé le fabhar ar ísle a bhanóglaigh;
mar féach, déarfaidh na glúine uile gur méanar dom.
Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom agus is naofa a ainm, agus a thrócaire ó ghlúin go glúin dóibh seo ar a mbíonn a eagla.
Thaispeáin sé neart a láimhe: scaip sé an dream a bhí uaibhreach i smaointe a gcroí. Leag sé prionsaí óna gcathaoireacha, agus d'ardaigh sé daoine ísle.
Líon sé lucht an ocrais le nithe maithe,
agus chuir sé na saibhre uaidh folamh.
D'fhóir sé ar Israél a sheirbhíseach, ag cuimhneamh dó ar a thrócaire – de réir mar a gheall sé dár n-aithreacha – d'Abrahám agus dá shliocht go brách.'
D'fhan Muire ag Eiliosaibeit timpeall trí mhí, agus d'fhill abhaile.

*Soiscéal an Tiarna.* **Moladh duit, a Chríost.**

***An Chré***

**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit;**
**d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh;**
**tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,**
**agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

## *Liotúirge na hEocairiste*

A phobal Dé,
guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
**Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha,**
**chun onóra agus glóire a ainm,**
**chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.**

**Os Cionn na nOfrálacha**

Glac, a Thiarna, le tabhartas seo ár ngrá. Thóg tú an Mhaighdean Muire suas chugat sna flaithis. Go raibh, trína hidirghuí, ár gcroí ar lasadh le tine an ghrá, agus ag tnúth leat de shíor. Trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

Rúndiamhair an chreidimh.
**A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a shaor muid trí do chros agus trí d'aiséirí.**

## *Deasghnáth na Comaoineach*